C/2026/6023

13.11.2026

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.12572 — CVC / CLEVERTECH)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2026/6023)

1. An 4 Samhain 2026, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]) agus tar éis tarchur de bhun Airteagal 4(5) den Rialachán sin.

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— CVC Capital Partners plc ('CVC', Geirsí),

— Clevertech S.p.A. ('Clevertech', an Iodáil).

Gheobhaidh CVC rialú, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) den Rialachán um Chumaisc, ar Clevertech ina iomláine. Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is cuideachta cothromais phríobháidigh é Cistí CVC a bhfuil leasanna aici i gcuideachtaí atá gníomhach i dtionscail éagsúla ar fud an domhain, lena n-áirítear in earnálacha seirbhísí airgeadais, ceimiceán, fóntas, monaraíochta, miondíola agus dáilte,

— Is cuideachta Iodálach é Clevertech atá gníomhach laistigh agus lasmuigh den Eoraip i ndearadh, monarú agus margú na réiteach uathoibrithe thionsclaíoch agus pacáistithe, agus speisialtóireacht aige i réitigh phacáistithe (threasacha) deiridh líne.

3. De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le cóireáil shimplithe le haghaidh comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúil a bheadh acu maidir leis an gcomhchruinniú atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.12572 — CVC / CLEVERTECH

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').
([2]) IO C 160, 5.5.2023, lch. 1.